# LIVRET DE CHANT
## Tome I

# Caoimhín Ó Conaill



Club Aṁránaíoċta Ṗáras
Conraḋ na Gaeilge Ṗáras



# Livret de Chant
## Le Choix de Caoimhín

Deuxième édition

2015-2025

**Conradh na Gaeilge Pháras - An Ghaeltacht-sur-Seine**
**Club Amhránaíochta Pháras**

Directrice de Publication Stephanie Nic Cárthaigh
Conception graphique Olivier Wagner Septembre 2025
Impression numérique Mode Livret 40 pages
Font Andron ABC - Sias
Font Andron Eir Corpus- Sias

# CLÁR


| Teideal | Leathanach | |
|---|---|---|
| An bhFaca Tú Mo Shéamúsín | 6 | Leathanach a sé |
| A Chailín Álainn | 7 | Leathanach a seacht |
| Aililiú Na Gamhna | 8 | Leathanach a hocht |
| Báidín Fheilimí | 9 | Leathanach a naoi |
| Bean Pháidín | 10 | Leathanach a deich |
| Beidhh Aonach Amárach | 11 | Leathanach a haon déag |
| Bríd Òg Ní Mhaille | 12 | Leathanach a dó dhéag |
| Bruach Glas' Áille Na Laoi | 13 | Leathanach a trí déag |
| Buachaill Ón Eirne | 14 | Leathanach a ceathair déag |
| Cad É Sin Don Té Sin | 15 | Leathanach a cúig déag |
| Cailín Na Gaillimhe | 16 | Leathanach a sé déag |
| Cathair Mhór Chicago | 17 | Leathanach a seacht déag |
| Cill Aodáin | 18 | Leathanach a hocht déag |
| Cill Chais | 19 | Leathanach a naoi déag |
| Eamonn An Cnoic | 20 | Leathanach a fiche |
| Fáinne Geal An Lae | 21 | Leathanach a fiche a haon |
| Gleanntáin Chlas Ghaoth Dobhair | 22 | Leathanach a fiche a dó |
| Mal Ní Mhaoileoin | 23 | Leathanach a fiche a trí |

| Teideal | Leathanach | |
|---|---|---|
| Mo Ghile Mear | 24 | Leathanach a fiche a ceathair |
| Mo Mham Mo Stór | 25 | Leathanach a fiche a cúig |
| Oro Bog Liom Í | 26 | Leathanach a fiche a sé |
| Oro Mo Bháidín | 27 | Leathanach a fiche a seacht |
| Oro Sé Do Bheatha 'Bhaile | 28 | Leathanach a fiche a hocht |
| Páistín Fionn | 29 | Leathanach a fiche a naoi |
| Péigín Litir Móir | 30 | Leathanach a tríocha |
| Poc Ar Buile | 31 | Leathanach a tríocha a haon |
| Seanduine Dóite | 32 | Leathanach a tríocha a dó |
| 'Sí Do Mhaimeo Í | 33 | Leathanach a tríocha a trí |
| Táimse Im' Chodhladh | 34 | Leathanach a tríocha a ceathair |
| Tar Liom a Chailín Liom | 35 | Leathanach a tríocha a cúig |
| Tóg Amach Mé | 36 | Leathanach a tríocha a sé |
| Trasna Na dTonnta | 37 | Leathanach a tríocha a seacht |
| Do shámhín só | 38 | Leathanach a cúig a hocht |

# An bhFaca Tú Mo Shéamúsín

1. An bhfaca tú mo Shéamuisín?
   Mo stóirín óg, mo bhuachaillín.
   An bhfaca tú mo Shéamuisín?
   Is é ‘gabháil síos an bóthar.

2. Níl bróg ar bith ar a dhá choisín.
   Ar a dhá choisín, ar a dhá choisín.
   Níl bróg ar bith ar a dhá choisín.
   Níl caipín air ná clóca.

3. Ag dul ar scoil tá Séamuisín
   Mo stóirín óg, mo bhuachaillín
   Ag dul ar scoil tá Séamuisín
   ‘S a leabharín buí sa phóca.

4. Ar a dhroim tá máilín beag
   Tá máilín beag, tá máilín beag
   Ar a dhroim tá máilín beag
   'S a lóinsín ann is dócha.

5. Do rugadh é i Móin a Lín
   Ag bun an chnoic i nead éinín
   Do rugadh é i Móin a Lín
   In aice le Bun Dóite.

6. Ó grá mo chroí mo Shéamuisín
   Mo stóirín óg, mo bhuachaillín.
   Ó grá mo chroí mo Shéamuisín
   Ar maidin is tráthnóna.





# A Chailín Álainn

1. Tá cailín álainn, a dtug mé grá dhi
   Sí ‘s deis’ is áille, ná bláth ‘s ná rós
   Gan í ar láimh liom, is cloíte atá mé
   Ó a chailín álainn, ‘s tú fáth mo bhróin

   Curfá:

   A chailín álainn, a dtug mé grá duit
   Bí ar láimh liom, mo mhíle stór
   Is abair liomsa, gur tú mo ghrá gheal
   Beidh orm áthas, in áit an bhróin

2. Nuair a éirím, amach go huaigneach
   Siúd é an uair, is mó mo bhrón
   O bím ag smaointeamh, ar an chailín uasal
   Atá i bhfad uaimse, mo chreach ‘s mo bhrón

3. Dá dtiocfá liomsa, a chailín álainn
   Aríst go brách ní, bheadh orm brón
   Sheinnfinn ceol duit, mar cheol na cláirsí
   Nó ceol binn smóilín, ‘s an drúcht gheal cheo

# Aililiúu Na Gamhna

1. Is iníon d'aoire mé ,féinig gan amhras
Do bhíodh ina cónaí, cois taobh na Leamhna
Bhí bothán agam féin ann is fuinneog i gceann de
Fad a bhíodh an bainne ag téamh agam
sea ghlaofainn ar na gamhna

Curfá:
Aililiú na gamhna  na gamhna bána
Aililiú na gamhna  na gamhna b'iad a b'fhearr liom
Aililiú na gamhna  na gamhna geala bána
Na gamhna maidin shamhraidh
ag damhsa ar na bánta

2. Faightear dom cana is faightear dom bhuarach
Is faightear dom soitheach ina gcuirfead mo chuid uachtair
Ceolta sí na cruinne bheith Á síorchur i m'chluasa
Ba bhinne liomsa géimneach na mbó
ag teacht chun buaile

3. Rachaimid ar an aonach is ceannóimid gamhna
Is cuirfimid ar féar iad amach ins na gleannta
Íosfaidh siad an féar is barr an aitinn ghallda
Is tiocfaidh siad abhaile chun
an bhainne i gcóir an tSamhraidh



# Báidín Fheilimí

1. Báidín Fheilimidh d'imigh go Gabhla,
Báidín Fheilimidh ' s Feilimidh ann,
Báidín Fheilimidh d'imigh go Gabhla
Báidín Fheilimidh 's Feilimidh ann.

Curfá:
Báidín bídeach,  báidín beosach,
Báidín bóidheach, báidín Fheilimidh,
Báidín díreach, báidín  déontach,
Báidín Fheilimidh 's Feilimidh ann.

2. Báidín Fheilimidh d ' imigh go Toraigh,
Báidín Fheilimidh 's Feilimidh ann.
Báidín Fheilimidh d ' imigh go Toraigh,
Báidín Fheilimidh 's Feilimidh ann.

3. Báidín Fheilimidh briseadh i dToraigh,
Iasc ar bhord agus Feidhlimidh ann.
Báidín Fheilimidh briseadh i  dToraigh,
Iasc ar bhord agus Fheidhlimidh ann.



# Bean Pháidín

Curfá:

'S é'n trua ghéar nach mise, nach mise
'S é'n trua ghéar nach mise bean Pháidín
'S é'n trua ghéar nach mise, nach mise
'S an bhean atá aige bheith caillte

1. Rachainn go Gaillimh go Gaillimh
Is rachainn go Gaillimh le Pháidín
Rachainn go Gaillimh go Gaillimh
Is thiocfainn abhaile sa mbád leis

2. Rachainn go haonach an Chlocháin
Is siar go Béal Átha na Báighe
Bhreathnóinn isteach tríd an bhfuinneo
Ag súil is go bhfeicfinn bean Pháidín

3. Go mbristear do chosa, do chosa
Go mbristear do chosa 'bean Pháidín
Go mbistear do chosa, do chosa
Go mbristear do chosa 's do chnámha





# Beidhh Aonach Amárach

1. Beidh aonach amárach i gContae an Chláir
Beidh aonach amárach i gContae an Chláir.
Beidh aonach amárach i gContae an Chláir.
Beidh aonach amárach i gContae an Chláir.
Cé mhaith dom é, ní bheidh mé ann.

Curfá:

'S a mháithrín, an ligfidh tú chun aonaigh mé?
'S a mháithrín, an ligfidh tú chun aonaigh mé?
'S a mháithrín, an ligfidh tú chun aonaigh mé?
'S a mhuirnín ó ná héiligh é.

2. Níl tú a deich nó a haon déag fós.
Níl tú a deich nó a haon déag fós.
Níl tú a deich nó a haon déag fós.
Nuair a bheidh tú trí déag beidh tú mór.

3. Táim-se i ngrá le gréasaí bróg.
Táim-se i ngrá le gréasaí bróg.
Táim-se i ngrá le gréasaí bróg.
Mur' bhfaigh mé é ní bheidh mé beo.

4. B'fhearr liom féin mo ghréasaí bróg.
B'fhearr liom féin mo ghréasaí bróg.
B'fhearr liom féin mo ghréasaí bróg.
Ná oifigeach airm faoi lásaí óir

# Bríd Óg Ní Mhaille

1. Is a Bhríd Óg Ní Mháille, is tú d'fhág mo chroí cráite
Is  chuir tú arraingeacha an bháis, trí cheartlár mo chroí
Tá na céadta fear i ngrá le, d'éadan ciúin náireach
Is go dtug tú barr breáchtacht'ar Thír Oirghiall más fíor

2. Níl ní ar bith is áille ná 'n ghealach os cionn a' tsáile
Ná bláth bán na n-airní, bíos ag fás ar an droigheann
Ó siúd mar a bhíon mo ghrá-sa , níos trilsí le breáchtacht
Béilín meala na háilleachta ach ndearna riamh claon

3. Is buachaill deas óg mé ‘tá triall chun mo phósta
Is ní buan i bhfad beo mé mura bhfaighidh mé mo mhian
A chuisle is a stóirín, déan réidh agus bí romhamsa
Ceann deireanach den Domhnach ar Bhóithrín Dhroim Sliabh

4. Is tuirseach 's brónach a chaithimse an Domhnach
Mo hata I' mo dhorn is mé ag osnaíl go trom
'S mé ag amharc ar na bóithre 'mbíonn mo ghrá-sa ag gabhail ann
'S í ag fear eile pósta is gan í bheith liom



# Bruach Glas' Áille Na Laoi

Bruacha glas’ áille na Laoi
Ar bhóthrín na smaointe is minic dom siar
Ar laethe geal‘ m óige cois Laoi
Nuair do b’ eol do mo chaoin-spiorad
Gach áthas geal binn
Sar ar léir dom claoin-bhearta an tsaoil
Nuair do b’ aeraí mo chroí
Ná na leoithne  bog’ gaoith
Fan Mhairdig  tráthnóna breá buí
Mar a dtéimis ag spraoí  is ag  sportaíocht seal oích’
Ar bhruacha glas’ áille na Laoi
Mar a dtéimis ag spraoí is a sportaíocht seal oích’
Ar bhruacha glas’ áille na Laoi



# Buachaill Ón Eirne

1. Buachaill ón Eirne mé
's bhréagfainn féin cailín deas óg
Ní iarfainn bó spré léithe tá mé féin saibhir go leor
'S liom Corcaigh a mhéid e ,
dhá thaobh a ghleanna's Tír Eoghain
'S mur n-athraí mé béasaí
's mé n' t-oibhr ar Chontae Mhaigh Eo

2. Rachaidh mé 'márach a dhéanamh leanna fán choill
Gan choite, gan bád,gan gráinnín brach' ar bith liom
Ach duilliúr na gcraobh mar éideadh leapa os mo chionn
'S óró sheacht mh'anam déag thú 's tú 'féachaint orm anall.

3. Buachailleacht bó, mo lao,nár chleacht mé ariamh
Ach ag imirt 's ag 'ol's le hógmhná deasa fá shliabh
Má chaill mé mo stórní dóigh* gur chaill mé mo chiall
's ní mó liom do phógná'n bhróg atá'r caitheamh le bliain

4. A chuisle 's a stórná pós an seanduine liath
Ach pós a' fear óg, mo lao,mur' maire sé ach bliain
Nó beidh tú go fóillgan ó nó mac os do chion
A shilfeadh a'n deor tráthnóna nó'r maidin go trom



# Cad É Sin Don Té Sin

1. Chuaigh mé chun aonaigh is dhíol mé mo bhó
Ar chúig phunta airgid is ar ghiní bhuí óir.
Má ólaim an t-airgead is má bhronnaim an t-ór
Ó cad é sin don té sin nach mbaineann sin dó?
Má ólaim an t-airgead is má bhronnaim an t-ór
Ó cad é sin don té sin nach mbaineann sin dó?

2. Má théim 'na coille craobhaí ag cruinniú sméara nó cró
Ag baint úllaí de ghéaga nó ag buachailleacht bó.
Má shínim seal uaire faoi chrann ag déanamh só
Ó cad é sin don té sin nach mbaineann sin dó?
Má shínim seal uaire faoi chrann ag déanamh só
Ó cad é sin don té sin nach mbaineann sin dó?



3. Tá a fhios agam cailín deas cneasta lách coir
A bhfuil a cneas mar an eala is a plucaí mar rós
Bíodh sise 'gus mise ag éalú faoi sheol,
Ó cad é sin don té sin nach mbaineann sin dó
Bíodh sise 'gus mise ag éalú faoi sheol,
Ó cad é sin don té sin nach mbaineann sin dó

4. Deir daoine go bhfuil mé gan rath 's gan dóigh
Gan earraí gan éadaí gan bólacht ná stór
Ach má tá mise sásta i mo chónaí i gcró,
Ó cad é sin don té sin nach mbaineann sin dó?
Ach má tá mise sásta i mo chónaí i gcró,
Ó cad é sin don té sin nach mbaineann sin dó?

# Cailín Na Gaillimhe

1. Bhuel de thug mé cos ar an siúlóid mhór
Thart ar lár an lae
Is de bhuail mé le cailín breá dathúil
Agus thosaíomar ag plé.

Curfá:

Agus n'fheadar liom, cad a thiocfaidh orm.
Lena gruaig chomh dubh is a súile gorm.
Ach thóg mé a lámh, thug mé rince di,
Agus phóg mé cailín na Gaillimhe.

2. Bhíomar leath-shlí tríd nuair a d'oscail an spéir
Níos déanaí ins an lae.
Agus rith muid síos chuig an árasán
Chomh bog an lae i-ay.

3. Bhuel de dhúisigh mé agus mé liom féin
D'fhág sí mé i-ay
Le mo chroí bhríste bhí pian laistigh

Curfá deireanach:

Agus n'fheadar liom,
Cad a tharlaíonn linn.
Nuair a chasamar leis an gcailín sin
Tá feicthe agam
Gach uile naomh
(Ach) ní (a ) leithéid le cailín na Gaillimhe.



# Cathair Mhór Chicago

Curfá:

Thiar i gcathair mhór Chicago,
Is an oích' ag dul faoi scáth,
Tá daoine ann ag smaointiú,
Ar na sléibhte i nDún na nGall.

1.
An tráth sin, lár na haoise,
Le linn an Ghorta Mhóir,
Pianta gránna ocrais
D'imigh milliún lán le deor'.
Gan saibhreas ar a n-intinn,
Gan ghlóir ar bith taobh thiar,
Ag streacailt 'is ag caoineadh,
Báid Bhána ar an mhuir.



2.
Ar roinnt acu bhí saibhreas,
Roinnt eile, clú is cáil,
Bhí anró ann gan ghearán,
Is cailleadh ar an máigh.
Ag siúl ar fud na tíre,
'S ar bhóithre iarainn leo,

3.
Ag scaipeadh cheol a gcroíthe,
Tabhairt sochair dá gcuid bróin.

Luka Bloom
Aistriúchán: Jamie Ó Tuama / Críostóir Ó Marcaigh

## Cill Aodáin

1. Anois teacht an earraigh beidh an lá (ag )dul chun síneadh,
   Is tar éis na féil Bríde ardóidh mé mo sheol.
   Ó chuir mé i mo cheann é ní chónóidh mé choíce
   Go seasfaidh mé síos  i lár Chontae Mhaigh Eo.

2. I gClár Chlainne Mhuiris  bheas mé an chéad oíche,
   Is i mBalla taobh thíos de a thosóidh (de tosós) mé ag ól.
   Go Coillte Mách rachaidh go ndéanfadh cuairt mhíosa ann
   I bhfogas dhá mhíle do Bhéal an Átha Mhóir

3. Fágaim le huacht é go n-éiríonn mo chroíse
   Mar éiríonn an ghaoth nó mar scaipeann an ceo,
   Nuair 'smaoíním ar Cheara nó ar Ghailleang taobh thíos de,
   Ar Sceathach a Mhíl' nó ar phlánaí Mhaigh Eo.

4. Cill Aodáin an baile a bhfásann gach ní ann,
   Tá sméara 's sú craobh ann, is meas ar gach sórt,
   'S dá mbeinn-se 'mo sheasamh i gceartlár mo dhaoine
   D'imeodh an aois díom is bheinn arís óg.

Anton O Raifteiri



## Cill Chais

1. Cad a dhéanfaimid feasta gan adhmad?
   Tá deireadh na gcoillte ar lár
   Níl trácht ar Chill Chais ná ar a teaghlach
   Is ní cluínfear a cling go bráth.
   An áit úd a gcónaiodh an dea-bhean
   Fuair gradam is meidhir thar mhná,
   Bhíodh iarlaí ag tarraingt tar toinn ann
   Is an t-aifreann binn á rá.

2. Ní chluínim fuaim lachan ná gé ann,
   Ná fiolar ag éamh sois cuain,
   Ná fiú na mbeacha chun saothair
   A tabharfar mil agus céir don tslua.
   Níl ceol binn milis na n-éan ann
   Le hamharc an lae a dhul uainn,
   Ná an chuaichín i mbarra na gcraobh ann,
   A chuirfeadh an saol chun suain.

3. Aicim ar Mhuire is ar Íosa
   Go dtaga sí arís chughainn slán,
   Go mbeidh rincí fada ag gabháil timpeall,
   Ceol fidil is tinte cnámh;
   Go dtógtar an baile seo ár sinsear
   Cill Chais bhreá arís go hard,
   Is go brách nó go dtiocfaidh an díle
   Ná bhfeicfear é arís ar lár.

# Eamonn An Cnoic

1. Cé hé sin amuigh go bhfuil faobhar a ghuth,
   Ag réabadh mo dhorais dhúnta?"
   "Mise Éamonn an Chnoic,atá báite fuar fliuch,
   Ó shíor-shiúl sléibhte is gleannta."
   "A lao dhil 's a chuid, cad a dheánfainn-se dhuit
   Mara gcuirfinn ort binn den ghúna?
   Is go bhfuil púdar dubh go tiubh a shior-shédeadh leat
   'Is go mbeimis araon múchta!"

2. "Is fada mise amuigh, fé shneachta is fé shioc,
   Is gan dánacht agam ar éinne.
   Mo sheisreach  gan scor, mo bhranar gan chur,
   is gan iad agam i n-aon chor.
   Níl caraid agam, is danaid liom san
   A ghlacfadh liom moch no déanach.
   Is go gcaithfidh mé dul thar fairraige soir,
   ós ann na bhfuil de mo ghaolta."

3. A chumainn is a shearc, o raighimid-ne seal
   Fé choillte ag speallladh druchta
   Mar a bhfaighimid an breac is an lon ar a nead
   An fia is an poc ag buirththigh
   Na héinini binne ar ghéigini ag seinm,
   Is an chuaichin ar bharr an iuir ghlais
   Is go brach brach ni thiocfaidh an bas inar gcoinne
   I lar na coillte cumhartha





# Fáinne Geal An Lae

1. Fáinne geal  an Lae
   Maidin moch do ghabhas amach
   Ar bhruach Locha Léin.
   An samhradh ag teacht, an chraobh len' ais
   Is lonrach te ón ngréin.
   Ar thaisteal dom trí bhailte poirt
   Is bánta míne réidhe
   Cé a gheobhainn le m'ais ach an chúileann deas
   Le fáinne geal an lae.

2. Ní raibh bróg ná stoc', caidhp ná clóc'
   Ar mo stóirín óg ón spéir
   Ach folt fionn órga síos go troigh
   Ag fás go barr an fhéir.
   Bhí calán crúite aici ina glaic
   Is ar dhrúcht ba dheas a scéimh
   Do rug barr gean ar Véineas deas
   Le fáinne geal an lae.

3. Do shuigh an bhrídeog síos le m'ais
   Ar bhinse glas den fhéar
   Is ag magadh léi, bhíos dá maíomh go pras
   Mar mhnaoi nach scarfainn riamh léi.
   Is é dúirt sí liom, "Ó, imigh uaim
   Is scaoil ar siúl mé, a réic.
   Sin iad aneas na soilse ag teacht
   Le fáinne geal an lae."

# Gleanntáin Chlas Ghaoth Dobhair

1. Céad slán ag sléibhte maorga
Chondae Dhún na nGall
Agus dhá chéad slán ag an Earagal árd
Ina stua os cionn caor 's call
Nuair a ghluais mise thart le loch Dhún Lúich
Go ciún 'sa ghleann ina luí
I mo dhiaidh bhí Gleanntáin Ghlas Ghaoth Dobhair
Is beag nár bhris mo chroí

2. Ag taisteal domh amach fríd chnoic Ghleann Domhain
'S an Mhucais ar mo chúl
Ní miste domh 'ra le brón 's le crá
Gur fhreasach a shil mise súil
Go 'Meiriceá siar, a bhí mo thriall
I bhfad thar an fharraige mhór
D'fhag mé slán ar feadh seal ag Dún na nGall
'S ag Gleanntáin Ghlas Ghaoth Dobhair

3. Slán, slán go fóill a Dhún na nGall
A chondae shéimh gan smál
'S dod gheara breá in am an ghá
Nár umhlaigh riamh roimh Ghall
Tá áit i mo chroí do gach fear 's gach mnaoi
'S gach páiste beag agus mór
Áta beo go buan, gan bhuairt, gan ghruaim
Fá Ghleanntáin Ghlas Ghaoth Dobhair



# Mal Ní Mhaoileoin

1. I mBlea Cliath na hÉireann a casadh orm an spéirbhean
Is é an t-ainm a bhí uirthi ná Mal Ní Mhaoileoin.
Thiomáineadh sí bara trí shráideanna na cathrach
a' fuagairt: "Ruacain is sliogáin is iad beathaíoch beo!"

Curfá:
"Beathaíoch beo!"  "Beathaíoch beo!"
a' fuagairt: "Ruacain is sliogáin is iad beathaíoch beo!"

2. Ba mhangaire éisc í—Dheamhan iontas an méid sin—
Mar do b'amhlaidh dá gaolta is dá muintir fadó.
Thiomáineadh siad bara ar shráideanna na cathrach
a' fuagairt: "Ruacain is sliogáin is iad beathaíoch beo!"

3. Ach, mo chreach is mo dhiachair, thoilg sí droch-fhiabhras
agus b'in ba thrúig bháis do Mhal Ní Mhaoileoin.
Ach bíonn a taibhse i mbun a bara ar shráideanna na cathrach
a' fuagairt: "Ruacain is sliogáin is iad beathaíoch beo!"

Aistriúchán le Breandán
de Róiste ó Léim
an Bhradáin



# Mo Ghile Mear

Curfá:

'Sé mo laoch mo ghile mear
'Sé mo chaesar, ghile mear
Ni fhuaras féin aon suan ar séan
Ó chuaigh i gcéin mo ghile mear

1. Bimse buan ar buairt gach lo
Ag gui go crua 's ag tuar na ndeor
Mar scaoileadh uainn an buachaill beo
'S na riomhtar tuairisc uaidh, mo bhron

2. Ni haoibhinn cuach ba suairc ar ndeoin
Taid fiorchaoin uasal ar uaithne sport
Taid saoite suaite I mhuairt 's i mbron
Ó scaoileadh uainn an buachaill beo

3. Nil seis go suairc ar chruachruit ceoil
Ta an eigse i ngruaim gan uaim na meabhair
Taid beathaithe buan ar buairt gach lo
O thearnaigh uainn an buachaill beo

4. Ni mhaoifad fein ce he mo stor
Ta insint sceal ina dhiaigh go leor
Ach guim chuigh m'aon mhic de na gcomhacht
Go dteigh mo laoch gan baol beo



# Mo Mham Mo Stór



Curfá:

MoMham, mostór, labhródhméléi,
Faoibhuachaillí ischailíní
Tarraingtear mo ghruaig goidtear mo chíor
Ach ceart go leor i mo bhaile féin
Cailín gleoite, cailín dheas í
Cailín bhreá as Béal Feirst' í
Siúlann sí amach a haon a dó a trí
Deireann tú liom cé hé í

1. Dúirt Albert Mooney is é in grá leithe
Troideann na buachaillí chun a bheith léí
Buail ar an doras leis an gceol cloighín
Cad é mar atá tú mo fhíor geal grá
D'imigh sé amach chomh bán le sneacht
Fáinne ar a méara ar a ladhar an clog
Dúirt Jenny Murray gheobaidh sí bás
Mura bhfaigheann sí an fear leis an fána súil

MoMham, mostór, labhródhméléi

## Oro Bog Liom Í

Curfá:

Óró bog liom í, bog liom í, bog liom í
Óró bog liom í, cailín deas donn
Agus óró bog liom í, iompaigh is corraigh í
'S de réir mar a bhogfaidh sí tiocfaidh sí liom

1. Dá bhfaighinnse mo chailín i lúbín na scairte
No i ngan fhios dá Daidí i ngáirdín na n-úll
Thabharfainnse cogar di 'chuirfeadh a chodladh í
Is de réir mar a bhogfadh sí thiocfadh sí liom

2. Dá bhfaighinnse mo chailín deas thíos cois an
No i ngan fhios dá Daidí i mo churrach ar tonn
Thabharfainnse cogar di a chuirfeadh a chodladh í
Is de réir mar a bhogfadh sí thiocfadh sí liom



## Oro Mo Bháidín

Curfá:

Óró mo bháidín a'snamh ar an gcuan
Óró mo bháidín
Óró mo churraichín ó
Óró mo bháidín

1. Crochfaidh mé seólta 'gus bogfaidh mé siar
Óró mo bháidín
'S go hoíche Fhéile Eoin ní thicofaidh mé aniar
Óró mo bháidín

2. 'S nach breá í mo bháidín a' snámh ar an gcuan
Óró mo bháidín
'S na maidí á dtarraingt go láidir 's go buan
Óró mo bháidín

3. 'S nach éachtach a' léimneach thar thonnta árd'
Óró mo bháidín
'S nach eadtrom í iompar aníos thar an trá
Óró mo bháidín

4. Óró mo bháidín a' snamh ar an gcuan
Óró mo bháidín
Faighimís na maidí is téimís chun siúil
Óró mo bháidín



# Oro Sé Do Bheatha 'Bhaile

Curfá:

Oró, sé do bheatha abhaile, (faoi trí)
Anois ar theacht an tsamhraidh.

1. 'Sé do bheatha, a bhean ba léanmhar,
b' é ár gcreach tú bheith i ngéibheann,
do dhúiche bhreá i seilbh méirleach,
is tú díolta leis na Gallaibh.

2. Tá Gráinne Mhaol ag teacht thar sáile,
óglaigh armtha léi mar gharda,
Gaeil iad féin is ní Francaigh ná Spáinnigh,
is cuirfidh siad ruaig ar Ghallaibh.

3. A bhuí le Rí na bhFeart go bhfeiceam,
mura mbeam beo ina dhiaidh ach seachtain,
Gráinne Mhaol agus míle gaiscíoch,
ag fógairt fáin ar Ghallaibh.






# Páistin Fionn

1. Grá lem' anam mo pháistín fionn
A bhfuil a croí is a haigne ag gáire liom
A cíocha geala mar bláth na gcrann
Is a píob mar eala lá Márta

Curfá:

Is tusa mo rún, mo rún, mo rún
Is tusa mo rún is mo ghrá geal
Is tusa mo rún is mo chumann go buan
Sé mo chreach gan tú agam ó do mháithrín

2. Cara mo chroí, mo pháistín fionn
A bhfuil a dá grua ar lasadh mar bhláth na dtom
Tá mise saor ar mo pháistín fionn
Ach amháin gur d'ólas a sláinte

3. Dá mbéinnse sa bhaile ina bhfuil súgradh is greann
Nó idir dhá bhairille lán de leann
Mo stóirín i'm aice is mo lámh faoi'n a ceann
Nach súgach a d'ólfainn a sláinte

4. Tréigfead mo mhuintir is mo cháirde gaoil
Tréigfead a mhaireann de mhnáibh an tsaoil
Ach ní thréigfead lem' mharthain thu, a stór mo chroí
Go síntear i gcómhra faoí chlár mé

# Péigín Litir Móir

Curfá:
O gairim gairim í agus gairim í, mo stór
Míle grá le m'anam í 'sí Peigín Leitir Móir!
Éirigh suas, a Pheigín agus seas ar bharr an aird
Comhar do chuid bullán agus féach an bhfuil siad ann.

1. Tá Bríd agam 's tá Cáit agam
'Sí Peig an bhean is fearr;
Pé'r bith fear a gheobhas í,
Nach air a bhéas an t-ádh.

2. Chuir mé scéala siar chuici
Go gceannóin di bád mór;
'Sé'n scéala 'chuir sí anair chugham
go ndéanfadh leathbhád seoil.

3. Tá iascairí na Gaillimhe
Ag teacht anior le cóir
Le solas gealaí gile
Nó go bhfeicidís an tseoid.

Curfá deireanach:
'S ó, gairim, gairim í 'Gus gairim í mo stór
Míle grá le m'anam í Is gearr go mbeidh sí mór!



# Poc Ar Buile

1. Ar mo gabháil dom sior chun Droichead Uí Mhóradha,
Píce im dhóid is mé ag dul i meitheal,
Cé a chasfaí orm i gcumar ceoidh,
Ach pocán crón is é ar buile.

Curfá:
Ailliliú, puilliliú, ailliliú tá an poc ar buile!
Ailliliú, puilliliú, ailliliú tá an poc ar buile!

Do ritheamar trasna trí ruilleogach,
Is do ghluais an comhrac ar fud na muinge,
2. Is treascairt dá bhfuair sé sna turtóga,
Chuas ina ainneoin ina dhrom le fuinneamh.

Níor fhág sé carraig go raibh scót ann,
Ná gur rith le fórsa chun mé a mhilleadh,
3. Is sea ansin do cháith sé an léim ba mhó,
Le fána mhór na Faille Bríce.

Bhí garda mór i mBaile an Róistigh,
Is bhailigh fórsa chun sinn a chlipeadh,
4. Do bhuail sé rop dá adhairc sa tóin ann,
Isdá bhríste nua do dhein sé giobail.

I nDaingean Uí Chúis le haghaidh an tráthnóna,
Bhí an sagart paróiste amach 'nár gcoinnibh,
5. Is é dúirt gurbh é an diabhal ba Dhóigh leis,
A ghaibh an treo ar phocán buile.



# Seanduine Dóite

1. Chuir mé mo sheanduine
(I)steach ins an choirnéal
(A) dhíol bhainne ramhair
Is a dh'ithe aráin eornan
Dá gcuirfeadh sé (a) cheann amach
Bhainfinn an tsrón de
(A)gus d'fhuígfinn (an) chuid eile
(Ag) na cailíní óga

Curfá:

Óró, 'sheanduine, 'sheanduine dóite
Is óró, 'sheanduine is mairg a phós thú
Óró, 'sheanduine, 'sheanduine dóite
Luigh ar do leaba is codail do dhóthain

2. Dá mbíodh 'fhios ag mo sheanduine
Ó, mar a bhímse
Ag ól is ag imirt le hógfhir na tíre
Le héiri na gealaí go mbrisfeadh sé (a) phiopa
(Agus) bhuailfeadh sé faic dena bholg ins an ghríosadh

3. Dá bhfaighinnse mo sheanduinebaite i bpoll mónadh
(A )chos a bheith briste's loirgne leonta
Bhéarfaoinn 'na bhaile é shilfinn faoi chlár
Is shúilfinn amach leis na buachaillí óga.



# 'Sí Do Mhaimeo Í

Curfá:

Sí do Mhaimeo í, 'sí do Mhaimeo í
'Sí do Mhaimeo í cailleach an airgid
'Sí do Mhaimeo í ó Bhail' Iorrais Mhóir í
'S chuir-feadh sí cóistí 'r bhóithre Chois Fharraige

1. Dá 'bhfeicfeá an "steam" 'ga'l siar Tóin Uí Loing'
'S na rothaí gh'l timpeall siar óna ceathrúnaí
Caithfeadh sí'nstiúir naoi n-uair'ar a cúl
'S ní choinneodh sí siúl le cailleach an airgid

2. 'Measann tú 'bpósfa, 'measann tú 'bpósfa
'Measann tú 'bpósfa cailleach an airgid?
Tá 's a'm nach 'bpósfa, tá 's a'm nach 'bpósfa
Mar tá sé ró-óg 'gus dólfadh sé'n t-airgead

3. 'S gairid go 'bpósfa, 's gairid go 'bpósfa
'S gairid go 'bpósfa beirt ar an mbaile seo
'S gairid go 'bpósfa, 's gairid go 'bpósfa
Séan Shéamais Mhóir agus Máire Ní Chathasaigh



## Táimse Im' Chodhladh

1. Tráthnóinín déanach i gcéin cois leasa dom
   Táimse im' chodhladh is ná dúistear mé
   Sea dhearcas lem' thaobh an spéirbhean mhaisiúil
   Táimse im' chodhladh is ná dúistear mé

2. Ba bhachallach péarlach dréimreach barrachas
   A carnfholt craobhach ag titim léi ar bhaillechrith
   'S í ag caitheamh na saighead trím thaobh do chealg mé
   Táimse im' chodhladh is ná dúistear mé

3. Is mó buachaillín óg a thógadh go ceannasach
   Táimse im' chodhladh is ná dúistear mé
   Do cuireadh le foirmeart anonn thar farraige
   Táimse im' chodhladh is ná dúistear mé

4. Go bheicfeadh an lá a mbeidh ár ar Shasanaigh
   Ughaim ar a ndroim is iad ag treabhadh is ag branar dúinn
   Gan mise a bheith ann mura dteannam an maide leo
   Táimse im' chodhladh is ná dúistear mé





## Tar Liom a Chailín Liom

1. Tá am an tSamraidh ag teacht
   Is duille ar chrainn go fairsing
   Tá nead ag cearca fraoigh
   Is bláth buí ar bharr an aitinn

Curfá:

Tar liom a chailín liom
Agus siúlfaimid le chéile
Go bhfaighimid nead an éin
Sa ghleann ag bun an tsléibhe
Tar liom a chailín liom

2. Togfad grianán duit
   Agus thart air fál' na sheasamh
   Agus cuirfidh mé ar a bharr
   A bhfuil de bhláth ar bharr an aitinn

3. Dá n-imeodh mo ghrá bán
   Thiocfadh ceann 'na háit ar maidin
   Ó thaobh an ghleanna bháin
   Ó bhfraoch agus ón aitinn

# Tóg Amach Mé

1. Siar ó dheas i dtreo na farraige
'Measc na bláthanna buí 's na carraige
Is fada liom bheith thiar aríst i gConamara

2. An áit bheag dheas sin ar thit muid i ngrá
An chéad áit ariamh ar thóg tú mo lámh
Beidh muid ag siúl na trá
(Le gealach lán )le chéile anocht

3. Luascadh, luascadh lena buachaillí
Pógadh, pógadh lena cailíní
Hey-ey-ey tóg amach mé
Luascadh, luascadh lena buachaillí
Pógadh, pógadh lena cailíní
Hey-ey-ey tóg amach mé

4. Bhí muid ag damhsa ar feadh na hoích(e)
D'fhéach mé ortsa 's léim mo chroí
An samhradh is fearr ar domhan
(a'm leat) i gConamara

5. Luascadh, luascadh lena buachaillí
Pógadh, pógadh lena cailíní
Hey-ey-ey tóg amach mé
Luascadh le chéile ar feadh an lae
Luascadh leatsa mar is tú an té
Hey-ey-ey tóg amach mé arís





# Trasna Na dTonnta

Curfá :

Trasna na dtonnta, dul siar, dul siar,
Slán leis an uaigneas 'is slán leis an gcian;
Geal é mo chroí, agus geal í an ghrian,
Geal bheith ag filleadh go hÉirinn!

1. Chonaic mo dhóthain de Thíortha i gcéin,
Ór agus airgead, saibhreas an tsaoil,
Éiríonn an croí 'nam le breacadh gach lae
'S mé druidim le dúthaigh mo mhuintir!

2. Ar mo thriall siar ó éirigh mo chroí
An aimsir go hálainn is tonnta deas réidh
Stiúradh go díreach go dúthaigh mo chliabh
'S beidh mé in Éirinn amárach!

3. Muintir an Iarthair 'siad cairde mo chroí,
Fáilte 'is féile bheidh romham ar gach taobh.
Ar fhágaint an tsaoil seo,'sé guidhim ar an Rí
Gur leosan a shinsear i gcill mé.

# Do shámhín só

1. Ní theastaíonn solas uait ach i lár an cheo
Ní theastaíonn uait an tine nuair ta sí ag dó
Ní airíonn tú aon fhuacht ar do sháimhín só
Bíonn tú cróga roimh an oí(che) 's é ina ló
An rud a bhíodh ad - bhfuil sé uait níos mó?
Mar nach n-airíonn tú an fuacht ar do sháimhín só

2. Ar do sháimhín só
Súile dúnta feiceann tú a haghaidh
Ní bhfaighfidh tú codladh 'nocht d'aon saghais
Tabhair go ghra di 's beir an praghas
Cloí leis an mbrionglóid 'tá ad
Ag deireadh na dála beidh an cailín seo leat
Nach í sin an chríoch 'tá uait?

Ní theastaíonn solas uait ach i lár an cheo ...

Súile dúnta feiceann tú a haghaidh...

Ní theastaíonn solas uait ach i lár an cheo ...



An Ghaeltacht-sur-Seine

Conradh na Gaeilge Páras